**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0240/2020**

30.8.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le faisnéis do shaoránaigh a fheabhsú agus maidir leis na deiseanna atá ann chun aiseolas ar threochláir a chur ar fáil

**Bernhard Zimniok, Charlie Weimers, Peter Kofod, Jaak Madison, Rob Rooken, Harald Vilimsky**

**B9-0240/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le faisnéis do shaoránaigh a fheabhsú agus maidir leis na deiseanna atá ann chun aiseolas ar threochláir a chur ar fáil**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Threoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr,

– ag féachaint don mheabhrán ón gComhairle an 1 Iúil 2019 maidir leis an moladh ón gCoimisiún go ndéanfaí 20 Nollaig–10 Eanáir a fhágáil amach as an tréimhse ocht seachtaine don tseiceáil coimhdeachta a dhéanann parlaimintí náisiúnta (10722/19),

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur mhair an tréimhse aiseolais don Chomhaontú Nua maidir leis an Imirce agus Tearmann ón 30 Iúil go dtí an 27 Lúnasa 2020[1];

1. ag tabhairt dá haire go ndéantar an tréimhse idir an 20 Nollaig agus an 10 Eanáir chomh maith le mí Lúnasa a fhágáil amach as an tréimhse ocht seachtaine don tseiceáil coimhdeachta a dhéanann parlaimintí náisiúnta;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún cleachtas comhchosúil a chur chun feidhme agus a áirithiú nach ndéantar tréimhsí aiseolais do threochláir a thosú ar chor ar bith le linn laethanta saoire an tsamhraidh nó a áirithiú go gcuirtear síneadh le tréimhsí aiseolais trí thréimhsí sosa a fhágáil amach, ionas nach mbaintear ó shaoránaigh ná ó gheallsealbhóirí a gceart daonlathach chun faisnéise agus chun aiseolas a chur ar fáil.

[1] Ares(2020)4017751.